

# An Curaclam Teanga Bunscoile nua don Bhéarla agus don Ghaeilge - naíonáin shóisearacha go dtí an dara rang

## Bileog Eolais do Thuismitheoirí



Is garr go mbeidh scoil do linbh ag úsáid Curaclam Teanga nua don **Bhéarla** agus don **Ghaeilge**. Úsáidfean an curaclam sin i leith na leanaí ar fad i ngach uile bhunscoil.

### Cén fáth a bhfuil Curaclam Teanga nua ann?

Tá athrú tagtha ar an saol ó tháinig an curaclam teanga bunscoile roimhe ar an bhfód sa bhliain 1999. Tá i bhfad níos mó ar eolas againn sa lá atá inniu ann a bhfuil le taighde faoin gcaoi a bhfoghlaimíonn leanaí cén chaoi labhairt, léamh agus scríobh agus faoin gcaoi ar féidir linn cabhrú leo. Cuirtear suas le dhá bhliain d'oidreachas réamhscoile saor in aisce ar fháil do leanaí anois chomh maith. Tá an Curaclam Teanga nua cothrom le dáta sa chaoi go bhfuil na hathruithe sin ar fad léirithe ann.

### Inis dom tuilleadh faoin gCuraclam Teanga nua

Sna blianta amach romhainn, déanfaidh do leanbh roinnt mhaith cainte sa seomra ranga lena chuid smaointe agus mothúchán a chur in iúl.

- Cabhróidh sé sin leis a fhoghlaim cén chaoi labhairt le daoine agus labhairt faoi ábhair éagsúla.
- Tabharfar cúnamh do do leanbh labhairt, léamh agus scríobh ar a luas féin. Cabhróidh an Curaclam Teanga le leanaí a bhfuil láidreachtaí agus riachtanais foghlama difriúla acu.
- Foghlaimíodh do leanbh Gaeilge agus Béarla tríd an sùgradh agus trí ghníomhaíochtaí spraiúla, go háirithe sna naíonáin shóisearacha agus shinsearacha. Tabharfaidh sé sin lámh chunta do do leanbh agus é ag aistriú ón réamhscoil agus mar a leanfaidh sé ar aghaidh lena chuid foghlama sa bhunscoil.
- Tuigfidh do leanbh na naisc atá ann idir an Ghaeilge agus an Béarla mar a fhoghlaimíonn sé na teangacha.

Cuirfidh an Curaclam Teanga nua ar chumas do linbh a dhícheall a dhéanamh agus é ag foghlaim na Gaeilge agus an Bhéarla.

### Cén chaoi a gcabhróidh an Curaclam Teanga le mo leanbh Gaeilge a fhoghlaim?

I gcás scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna, is rogha leo teagasc trí mheán na Gaeilge ó thús deireadh an lae scoile go dtí deireadh na naíonán sinsearach. Ina leithéid de chásanna, tosóidh do leanbh ag foghlaim Béarla ar scoil i ndiaidh na tréimhse sin. Téann scoileanna i ndáil chomhairle le tuismitheoirí agus le boird bhainistíochta le cinneadh den sórt sin a dhéanamh.

I gcás scoileanna ina dteagascar trí mheán an Bhéarla, foghlaimíodh do leanbh Gaeilge le linn ceachtanna Gaeilge agus ag amanna eile i rith an lae scoile.

### An bhfuil athrú le teacht ar an gcuid eile de Churaclam na Bunscoile?

Tá, déanfar athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile ina iomlán sna blianta amach romhainn. Tá obair ar bun cheana féin ar Churaclam Teanga nua don 3ú rang go dtí an 6ú rang.

### Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais?

Tá an Curaclam Teanga nua don Bhéarla agus don Ghaeilge le fáil ag [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie).

### Cén chaoi ar féidir liom cabhrú le mo leanbh sa bhaile?

Mar thuismitheoir nó chaomhnóir, is féidir leat labhairt le do leanbh faoi nithe a bhfuil suim aige iontu agus spraoi a bheith agaibh le rudaí a léamh agus a scríobh. Tá san áireamh sa Churaclam Teanga nua ar líne mír a dtugtar Ábhar Tacaíochta uirthi. Cé go bhfuil an chuid is mó den ábhar sin dírithe ar obair ranga, b'fhéidir go mbeadh rud nó dhó úsáideach duit sa bhaile. Ina mheasc tá neart comhairle, grianghraf agus físeán maidir le cén chaoi a bhféadfá tacú le do leanbh mar a fhoghlaimíonn sé cén chaoi labhairt, léamh agus scríobh.